

San aonad seo, tá nótaí agus cleachtaí ar na rudaí seo a leanas:

- 1 Stair agus cultúr beo na Gaeltachta sna Cruacha Gorma, i dToraigh agus i nGaoth Dobhair.
- 2 Léargas ar an nuathéarmaíocht Ghaeilge agus dearcadh daoine ina leith.
- 3 Úsáid cheart an fhocail ‘dara/darna’.
- 4 An réamhfhocal *h*.
- 5 Défhoghair i bhfocail mar ‘suas’ agus ‘siar’.

1 Cluas le héisteacht: an Ghaeltacht inniu is inné



Ar ball beag, beidh tú ag amharc ar fhíseán ina gcuireann Máire Uí Cheallaigh síos ar cheantar láidir Gaeltachta i lár Thír Chonaill atá imithe ar gcúl go mór le blianta anuas, is é sin na Cruacha Gorma.

Léigh na ceisteanna seo thíos maidir le focail agus frásaí atá le cluinstitín san agallamh le Máire. Amharc ar an fhíseán ansin agus freagair na ceisteanna.

- 1 Caidé a bheadh ar siúl ag duine a bheadh ‘ag portaíocht’?
- 2 Comhfhocal atá san fhocal ‘daonáireamh’. Cén dá mhír atá ann?
- 3 Tá bealach eile ag Máire le ‘seachtar’ a rá; caidé atá ann?
- 4 Deir Máire go raibh muintir na gCruach fágtha ‘ar an trá fholamh’. Cén chiall atá leis sin nó caidé mar a chuirfeá Béarla air?
- 5 Tá bealach eile ag Máire le ‘muintir na gCruach’ nó ‘pobal na gCruach’ a rá; caidé atá ann?
- 6 Caidé an rud ‘sconsa’?
- 7 Tá bealach eile ag Máire le ‘faic’ nó ‘a dhath ar bith’ a rá; caidé atá ann?
- 8 Caidé mar a deir Máire ‘aosta’ nó ‘anonn go maith i mblianta’?

Tá freagraí le fáil in *Nótaí agus freagraí*.

Tá script an fhíseáin le fáil in *Scripteanna*.

2 Focal ar fhocal: téarmaí teicniúla

Is cainteoir iontach cumasach í Máire Uí Cheallaigh, atá breá ábalta Gaeilge a chur ar achan uile rud. Tá cúpla sampla de sin san agallamh a rinne sí faoi na Cruacha Gorma.

Seo mar a chuireann sí síos ar *mobile phone signal/reception*:

“Ní raibh aici ach guthán póca... agus chaithfeadh sí siúl amach siar sconsa fada le bheith ábalta fáil a fhad le duine inteacht.”

Agus seo í ag caint ar *wearable health monitors*:

“Tá a fhios agat, na gléasanna a bhíonn acu ar a lámha dá dtiocfadh dadaidh orthu.”

Tá Máire i ndiaidh **parafrása** a úsáid, is é sin mhínigh sí an rud a bhí i gceist gan focal teicniúil nó téarma a úsáid. Go minic, go háirithe sa chaint, is fearr sin a dhéanamh ná téarmaí a úsáid nach bhfuil cur amach ag daoine orthu, macasamhail ‘monatóirí sláinte inchaite’. Is beag rud nach dtig a mhíniú le parafrása.

Corruair, is fearr téarma a úsáid. B’fhéidir go mbeadh agat le *mobile phone signal* a lua go minic, agus go n-éireodh daoine tuirseach den pharafrása fhada arís is arís eile. Agus i ndeireadh na dála, ní thig le teanga ar bith mairstean gan téarmaí gonta a chuireann síos ar chúrsaí teicniúla nó ar smaointe úra.

Má bhíonn agat le focail a lorg san fhoclóir, is fearr www.tearma.ie a úsáid fá choinne na dtéarmaí teicniúla. Más parafrása atá de dhíth ort, nó bealach simplí leis an smaoineamh a chur in iúl, is fearr go mór www.focloir.ie a úsáid.

Tá píosa oibre le déanamh agat anois maidir le téarmaí agus parafrása.

- Léigh na habairtí Béarla 1–8.
- Tá téarmaí i gcló trom in achan abairt acu.
- Caithfidh tusa an téarma a aistriú. Is fútsa atá sé cé acu a roghnóidh tú parafrása nó téarma.
- Ná húsáid foclóir ar bith go fóill; bain triail as na téarmaí a aistriú ar do bhealach féin.
- Nuair a bheas na habairtí aistrithe agat, cuardaigh na téarmaí ar www.tearma.ie agus ar www.focloir.ie. An raibh sibh ar aon fhocal?

Sampla: Anyone can **upload** videos on YouTube.

Parafrása: Thig le duine ar bith físeáin a chur suas/a fhoilsiú ar YouTube.

Téarma: Thig le duine ar bith físeáin a uaslódáil ar YouTube.

- 1 She **defriended** me on Facebook.
- 2 I took a **selfie** near the White House.
- 3 Raidió Fáilte have a **state-of-the-art** studio.
- 4 I can’t find the **remote control** for the TV.

- 5 Their last album was a **carbon copy** of the one before that.
- 6 This is the party's economic **blueprint**.
- 7 In today's **climate**, you have to be careful what you say.
- 8 She writes about **climate** change.

Tá freagraí le fáil in *Nótaí agus freagraí*.

3 Mise agus an nuathearmaíocht



Ar ball beag, beidh tú ag amharc ar fhíseán ina míníonn Seán Ó Daimhín a dhearcadh féin maidir leis an nuathearmaíocht. Sula ndéanfaidh tú sin, léigh na ceisteanna 1–5 thíos.

- Bí ag smaoineamh ar na ceisteanna agus tú ag amharc ar an agallamh.
- Tabhair freagra ar na ceisteanna maidir le dearcadh Sheáin.
- Scríobh nótaí faoi na ceisteanna maidir le do dhearcadh féin.

- 1 An dearcadh dearfach nó dearcadh diúltach atá ag Seán maidir leis na téarmaí úra Gaeilge?
Cuir i gcás go bhfuil tú féin faoi agallamh: caidé a déarfá le do dhearcadh féin a chur in iúl?
- 2 Luann Seán rud amháin a mhíníonn an dearcadh atá aige: caidé atá ann?
- 3 Cad chuige a mbeadh dearcadh eile ar fad ag cainteoirí dúchais, dar le Seán?
Caidé do thaithí féin ar dhearcadh mhuintir na Gaeltachta maidir leis na téarmaí úra?
- 4 Cad chuige a luann Seán an focal 'eaglais'?
- 5 Tugann Seán sampla de (a) téarma a bhfuil dúil aige ann agus (b) téarma nach bhfuil dúil ar bith aige ann. Caidé an dá shampla sin?
Tabhair féin samplaí de théarmaí a thaitníonn/nach dtaitníonn leat.
- 6 Caidé an cur chuige is fearr le Seán maidir le téarmaí úra a chumadh?

Tá freagraí le fáil in *Nótaí agus freagraí*.

Tá script an fhíseáin le fáil in *Scripteanna*.

4 An Lia Gramadaí: an darna bliain nó an darna bhliain?

Ar ball beag, beidh tú ag éisteacht leis an Lia Gramadaí, Aodh Ó Gallchóir, agus fadhb eile ghramadaí á réiteach aige. Sula n-amharcaídh tú ar an fhíseán, freagair na ceistanna seo thíos.

Scríobh míniú ar achan cheann de na téarmaí gramadaí seo thíos. Tabhair samplaí den rud atá i gceist.

- 1 Bunuimhir
- 2 Maoluimhir
- 3 Orduimhir
- 4 Réamhlitir

Tá freagraí le fáil in *Nótaí agus freagraí*.

Tá script an fhíseáin le fáil in *Scripteanna*.



5 I ngleic leis an ghramadach: an réamhlitir h

Tá an Lia Gramadaí i ndiaidh a mhíniú dúinn nach séimhiú atá i samplaí mar ‘an tríú huair’ agus ‘an séú hurlár’. Is é atá ann, an réamhlitir *h*, ceann den dá réamhlitir a chuirtear le gutaí i dtús ainmfhocail Ghaeilge. Is í an réamhlitir *t* an ceann eile. I ndiaidh an ailt uatha, roimh ainmfhocail fhirinscneacha, a bhíonn sé sin ann: ‘an t-amhrán’, ‘an t-údar’.

Anois tá píosa oibre le déanamh agat ar an réamhlitir *h*. Tá dhá rud le déanamh:

- 1 Léigh an sliocht thíos. Tá an réamhlitir *h* fágtha ar lár anseo is ansiúd. Caithfidh tusa na botúin a cheartú.
- 2 Úsáid samplaí ón tsliocht leis an rial a scríobh: ‘Úsáidtear an réamhlitir *h* sna cúinsí seo a leanas...’

Náire aerthaistil: gá le gníomh

Níl teanga ar bith i measc náisiúin na Eorpa gan focal air, ó *flygskam* na Sualainnise go *flight shame* an Bhéarla. Shílfeá go mbeadh leagan dá gcuid féin ag na Éireannaigh faoin am seo – ‘eitilnáire’, b’fhéidir, nó ‘ciontacht aerthaistil.’

Is é atá i gceist agam an chiontacht a bhaineann le aerthaisteal i ré seo na Géarchéime Aeráide. Deir na eolaithe linn go gcaithfidh achan uile dhuine againn ár ngnáthnósanna a athrach ‘go gasta agus go iomlán’ má tá an cine daonna le teacht slán ar an Téamh Dhomhanda. Níl moill ar bith orainn an rabhadh sin a thuigbheáil ach ní léir go spreagann sé chun gnímh muid.

Ní é nach dtuigeann muid uilig an truailliú a bhaineann leis an aerthaisteal, fiú le aistear gairid chun na Breataine nó go Oileán Mhanann. Ná bí ag déanamh gur ag fáil locht ar dhaoine eile atá mé, mise a bhí thar lear trí uair ó thús na bliana. Bíonn achan leithscéal bacach agam ach oiread le duine ar bith, leithéidí, ‘Ach bhí an t-eitleán sin le imeacht cibé ar bith, bíodh mise ar bord nó ná bíodh.’ Bíonn polaiteoirí ag cur tharstu

faoi cé chomh tábhachtach is atá tionscal na turasóireachta agus cé chomh achrannach is a bheadh sé cánacha carbóin a thabhairt isteach. Cá bhfuil an polaiteoir nach dtabharfadh tús áite don gheilleagar thar chaomhnú an phláinéid?

An riail

Bíonn réamhlitir *h* ann sna cúinsí seo (tabhair sampla ón tsliocht):

1 _____

2 _____

3 _____

4 _____

5 _____

6 _____

Tá freagraí le fáil in *Nótaí agus freagraí*.

Tá script an fhíseáin le fáil in *Scripteanna*.

6 Lúth na teanga: na défhoghair



Ar ball beag, beidh tú ag amharc ar fhíseán ina gcuireann Antain Mac Lochlainn síos ar dhéfhoghair na Gaeilge, agus go háirithe ar ‘ua’ agus ‘ia’ i bhfocail mar ‘suas’ agus ‘siar’.

Sula n-amharcaidh tú ar an fhíseán, éist le *Aonad 7: Comhad fuaime 1*.

- Cluinfidh tú sraith focal á léamh amach.
- Cluinfidh tú achan fhocal trí huair.
- Éist go gcluinfidh tú cé acu focal atá á léamh amach: an focal i gcolún A nó an focal i gcolún B.
- Cuir tic leis an cheann cheart.

A. Síneadh fada	B. Défhoghar
tú	tua
cúl	cual
dubh	dua
túr	tuar
síor	siar
díon	dian
fíor	fiar
cíor	ciar

Tá freagraí le fáil in *Nótaí agus freagraí*.

Tá script an fhíseáin le fáil in *Scripteanna*.

7 Lúth na teanga: abair féin é

Éist le *Aonad 7: Comhad fuaime 2*.

- Cluinfidh tú na habairtí 1–10 á léamh amach.
- Cluinfidh tú achan abairt dhá uair, agus spás eatarthu le go mbeidh seans agat féin an abairt a rá.
- Tabhair aird faoi leith do na focail a bhfuil défhoghar ‘ua’ nó ‘ia’ iontu.
- Déan do dhícheall difear soiléir a bheith le cluinstitín idir na défhoghair agus síntí fada.

- 1 Tá dúil agam sa Luas i mBaile Átha Cliath.
- 2 Is as Contae Lú mé.
- 3 Bhí sé ag cur ó thús an chluiche.
- 4 Thuas staighre atá an seomra folctha.
- 5 Rinne siad an obair ar an phingin is ísle.
- 6 Ní chreidfeá an phian a bhí orm!
- 7 Ar chas tú le m’iníon, Nuala?
- 8 Ar chas tú le mo nia, Niall?
- 9 Cuairt ghearr an chuairt is fearr.
- 10 Tá cara sa chúirt agam.

8 Muintir na n-oileán



Ar ball beag, beidh tú ag amharc ar fhíseán ina labhraíonn beirt atá ina n-oileánaigh ó dhúchas: Brian Ó Fearraigh arbh as Inis Bó Finne dá athair agus Pádraig Ó Cearbhaill a dtugtar ‘Paddy Thoráí’ air mar gheall ar a eolas fairsing ar stair agus ar bhunadh an oileáin. Is é mac Phádraig, Aodán Ó Cearbhaill, atá ag cur na gceisteanna ar a athair.

Amharc ar an fhíseán ar dtús agus freagair na ceisteanna thíos.

- 1 Luann Brian seanfhocal a bhaineann le bunadh oileáin: ‘Tá an _____ san fhuil iontu.’ Críochnaigh an seanfhocal sin.
- 2 Caidé mar a deir Brian *getting back to my roots*?
- 3 ‘I mo shaol is i mo _____’. Caidé an focal comhchiallach a úsáideann Brian sa nath cainte seo?
- 4 Caidé atá suntasach faoin dóigh a bhfuaimníonn Brian ‘cúrsaí creidimh’?
- 5 ‘Tá dúchas dá gcuid féin ag muintir Thoráí.’ Caidé mar a d’aistreofá an focal ‘dúchas’ san abairt sin?
- 6 Cén focal a úsáideann Pádraig fá choinne *to repair/fix*?

Tá freagraí le fáil in *Nótaí agus freagraí*.

Tá script an fhíseáin le fáil in *Scripteanna*.

9 Cúinne na héigse: scéalta Thoraí

Is iomaí leabhar a scríobhadh faoi sheanchas agus faoi bhunadh Thoraí. Ina measc tá *Toraigh na dTonn* le hEoghan Ó Colm, ar fhoilsigh Cló Iar-Chonnacht atheagrán de sa bhliain 1995. Ach, mar a insíonn Pádraig Ó Cearbhaill dúinn san fhíseán, níor scríobh duine ar bith de bhunadh Thoraí féin cuntas ar shaol an oileáin. Chuir Pádraig an scéal sin ina cheart lena leabhar dátheangach féin, *Na Laetha a Bhí/Those Were the Days*. Níor foilsíodh ach dornán beag cóipeanna ach thig leat éisteacht anois le ceann de na scéalta sa leabhar, á léamh ag Aodán Ó Cearbhaill, mac Phádraig.

Níl a dhath le déanamh agat an t-am seo ach cluas le héisteacht a thabhairt don scéal.

Tá script an fhíseáin le fáil in *Scripteanna*.

10 Cúinne na héigse: saol na n-ealaíon sa Ghaeltacht



Fanfaidh muid i gcuideachta Aodáin Uí Chearbhaill tamall beag eile. Bíonn Aodán iontach gníomhach i saol cultúrtha Ghaoth Dobhair, go háirithe sna drámaí Gaeilge a léirítear in Amharclann Ghaoth Dobhair. San agallamh seo, cuireann sé síos d'Antain Mac Lochlainn ar chuid de na himeachtaí cultúrtha a mbíonn sé páirteach iontu.

Sula n-amharcfaidh tú ar an fhíseán, léigh na focail agus na frásaí 1–8 thíos. Úsáideann Aodán agus Antain focail agus frásaí eile leis na rudaí céanna a chur in iúl. Caidé a deir siad?

- 1 timpeall na Samhna
- 2 ag déanamh nasc na nGael níos láidre
- 3 scaifte beag daoine
- 4 chuir sé comhairle orainn
- 5 bhí mé neirbhíseach an oíche sin
- 6 turas thart timpeall
- 7 bunaithe le fiche bliain
- 8 guth domhain, íseal

Tá freagraí le fáil in *Nótaí agus freagraí*.

Tá script an fhíseáin le fáil in *Scripteanna*.

Aonad 7: seicliosta

- Tuigim an téarma foghraíochta ‘défhoghar’.
- Cluinim difear soiléir idir défhoghar (‘siar’) agus guta fada (‘síor’)
- Thig liom féin an dá dhéfhoghair ‘ua’ agus ‘ia’ a fhuaimniú go soiléir.
- Tuigim na rialacha a bhaineann leis an réamhlitir *h*.
- Aithním an difear idir ‘téarma’ agus ‘parafása’ agus thig liom roghnú eatarthu ar bhealach atá fóirsteanach don chomhthéacs.

Nótaí agus freagraí

1 Cluas le héisteacht: an Ghaeltacht inniu is inné

- 1 Caidé a bheadh ar siúl ag duine a bheadh ‘ag portaíocht’?

Ag gabháil do phort béil a bheadh sé, is é sin a ghuth a úsáid le ceol damhsa a chur ar fáil. ‘Portaireacht’ an leagan caighdeánach. *Lilting* an focal Béarla.

- 2 Comhfhocal atá san fhocal ‘daonáireamh’. Cén dá mhír atá ann?

‘Daon’ (daonna nó ag baint le daoine) móide ‘áireamh’ (cuntas).

- 3 Tá bealach eile ag Máire le ‘seachtar’ a rá; caidé atá ann?

‘Seacht gcloigne’ a deir Máire. Deir sí ina dhiaidh sin go bhfuil eagla uirthi nach bhfuil sin ag teacht leis an Chaighdeán Oifigiúil. Le fírinne, tá sé iomlán caighdeánach ‘cloigeann’ a úsáid le daoine a chuntas. Tabhair faoi deara go bhfuaimnítear ‘cloigne’ amhail is gur ‘claigne’ a bheadh ann.

- 4 Deir Máire go raibh muintir na gCruach fágtha ‘ar an trá fholamh’. Cén chiall atá leis sin nó caidé mar a chuirfeá Béarla air?

Ciallaíonn sé go ndearnadh neamart sa cheantar agus gur fágadh an pobal beo bocht. Is dócha gur *destitute* a bheadh ann sa Bhéarla.

- 5 Tá bealach eile ag Máire le ‘muintir na gCruach’ nó ‘pobal na gCruach’ a rá; caidé atá ann?

‘Bunadh na gCruach’ a deir Máire. Úsáidtear ‘bunadh’ le trácht ar líon tí fosta (‘bunadh an tí’) agus ar theaghlach nó clann (‘duine de mo bhunadh féin’).

- 6 Caidé an rud ‘sconsa’?

Sa chás seo, ciallaíonn ‘sconsa’ fál nó *fence*. Is focal coitianta i nGaeilge Uladh atá ann.

- 7 Tá bealach eile ag Máire le ‘faic’ nó ‘a dhath ar bith’ a rá; caidé atá ann?

‘Dadaidh’ a deir Máire.

- 8 Caidé mar a deir Máire ‘aosta’ nó ‘anonn go maith i mblianta’?

‘Suas go maith i mblianta’ a deir Máire.

2 Focal ar fhocal: téarmaí teicniúla

- 1 She **defriended** me on Facebook.

Tá aistriúchán deas nádúrtha ar *defriend*: ‘cairdeas a scaoileadh le duine’. Thiofadh sin a úsáid nó a leithéid seo a rá: ‘Níl sí mór liom ar Facebook níos mó.’

- 2 I took a **selfie** near the White House.

Thiofadh seo a aistriú le parafrása simplí: ‘Ghlac mé pictiúr díom féin in aice leis an Teach Bhán.’ Tá téarma ann fosta, i.e. ‘féinín’. Cluintear ‘féinphic’ fosta.

- 3 Raidió Fáilte have a **state-of-the-art** studio.

Seo sampla maith den difear idir na moltaí a gheobhaidh tú sna foclóirí ar líne. ‘Staid na teicneolaíochta’ agus ‘úrscothach’ atá ar www.tearma.ie. Tá blas na téarmaíochta orthu sin. Ar www.focloir.ie áfach, tá moltaí atá níos fóirsteanaí don ghnáthchaint:

the technology is state-of-the-art tá an teicneolaíocht is déanaí ann, tá an teicneolaíocht is úire ann
a state-of-the-art health centre ionad sláinte den chineál is úire, ionad sláinte den chineál is nuaimseartha

Thiofadh ceann ar bith de na moltaí sin a úsáid: ‘Tá an teicneolaíocht is úire ar fad le fáil i stiúideo Raidió Fáilte.’

- 4 I can't find the **remote control** for the TV.

Thiofadh parafrása a úsáid: ‘Ní thig liom teacht ar an ghléas fá choinne an teilifís a oibriú’ nó an téarma ‘cianrialtán’ a úsáid: ‘Ní thig liom teacht ar an chianrialtán teilifíse.’ Tá téarma eile ar fad ann a fuarthas ar iasacht ón Bhéarla: ‘zaipire.’

- 5 Their last album was a **carbon copy** of the one before that.

Thig an abairt sin a aistriú ar bhealach iontach simplí gan cuid ar bith den chiall a chailleadh: ‘Bhí an t-albam deireanach s’acu díreach cosúil leis an cheann roimhe sin.’ B’fhéarr ‘cóip charbóin’ a fhágáil as.

- 6 This is the party's economic **blueprint**.

Úsáideann ailtirí agus dearthóirí an focal *blueprint* agus iad ag caint faoi líníocht theicniúil. Ní hé sin atá i gceist sa chás seo, áfach. Níl ann ach plean nó straitéis: ‘Seo é plean eacnamaíochta an pháirtí.’ Corruair, úsáidtear an focal ‘treoirphlean’ fosta.

- 7 In today's **climate**, you have to be careful what you say.

Sula ndéantar cinneadh faoin bhealach cheart le *climate* a aistriú, caithfear smaoineamh ar an dóigh a bhfuil an focal á úsáid: mar fhocal teicniúil nó mar mheafar. San abairt seo, is meafar atá ann: ‘I saol an lae inniu, caithfidh tú a bheith faichilleach faoi na rudaí a deir tú.’

- 8 She writes about **climate** change.

Is léir go bhfuil *climate* á úsáid ina chiall theicniúil sa chás seo: ‘Scríobhann sí mar gheall ar athrú aeráide.’

3 Mise agus an nuathearmaíocht

- 1 An dearcadh dearfach nó dearcadh diúltach atá ag Seán maidir leis na téarmaí úra Gaeilge?

Dearcadh dearfach atá ag Seán, tríd is tríd.

Cuir i gcás go bhfuil tú féin faoi agallamh: caidé a déarfá le do dhearcadh féin a chur in iúl?

Fút féin atá sé an cheist sin a fhreagairt.

- 2 Luann Seán rud amháin a mhíníonn an dearcadh atá aige: caidé atá ann?

Thosaigh Seán a fhoghlaim na Gaeilge agus é timpeall fiche bliain d'aois. Focal úr a bhí in achan uile fhocal, gnáthfhocail agus téarmaí úra san áireamh.

- 3 Cad chuige a mbeadh dearcadh eile ar fad ag cainteoirí dúchais, dar le Seán?

Toisc go bhfuil an teanga acu ón chliabhán, seans go mbeadh doicheall orthu glacadh le focail a chum daoine ón taobh amuigh.

Caidé do thaithí féin ar dhearcadh mhuintir na Gaeltachta maidir leis na téarmaí úra?

Fút féin atá sé an cheist sin a fhreagairt.

- 4 Cad chuige a luann Seán an focal 'eaglais'?

Tá sé ar cheann de na céadta focal a thug an Ghaeilge ar iasacht ón Laidin i dtús ré na Críostaíochta.

- 5 Tugann Seán sampla de (a) téarma a bhfuil dúil aige ann agus (b) téarma nach bhfuil dúil ar bith aige ann. Caidé an dá shampla sin?

Tá dúil aige in 'giolcaireacht' ach níl dúil ar bith aige in 'tvúiteáil'. Tá an dara focal iontach doiligh a rá, dar leis.

Tabhair féin samplaí de théarmaí a thaitníonn/nach dtaitníonn leat.

Fút féin atá sé an cheist sin a fhreagairt.

- 6 Caidé an cur chuige is fearr le Seán maidir le téarmaí úra a chumadh?

B'fhearr leis casadh a chur i gciall focail atá sa Ghaeilge cheana féin. Níl sé róthógtha le litriú Gaeilge a chur ar fhocail ó theangacha eile. 'Traslitriú' a thugtar ar an nós sin.

4 An Lia Gramadaí: an darna bliain nó an darna bhliain

1 Bunuimhir

Úsáidtear bunuimhreacha le rudaí a chuntas: ‘dhá bhliain’, ‘ocht ngloine’ srl.

2 Maoluimhir

Seasann an mhaoluimhir léi féin: ‘a haon, a dó, a trí’ srl.

3 Orduimhir

Léiríonn an t-orduimhir ionad an ainmfhocail i sraith: ‘an chéad chúrsa’, ‘an tríú bliain’ srl.

4 Réamhlitir

Ceann de na litreacha a chuirtear le gutaí i dtús ainmfhocail. Cuir i gcás, bíonn an réamhlitir *t* ann i ndiaidh an ailt i gcúinsí áirithe: ‘an *t*-am’, ‘an *t*-uisce’. Tá an réamhlitir *h* ann fosta: ‘Na *hÉireannaigh*’, ‘an tríú huair’.

5 I ngleic leis an ghramadach: na réamhlitreacha

Náire aerthaistil: gá le gníomh

Níl teanga ar bith i measc náisiúin na **hEorpa** gan focal air, ó *flygskam* na Sualainnise go *flight shame* an Bhéarla. Shílfeá go mbeadh leagan dá gcuid féin ag na **hÉireannaigh** faoin am seo – ‘eitiltnáire’, b’fhéidir, nó ‘ciontacht aerthaistil.’

Is é atá i gceist agam an chiontacht a bhaineann le **haerthaisteal** i ré seo na Géarchéime Aeráide. Deir na **heolaithe** linn go gcaithfidh achan uile dhuine againn ár ngnáthnósanna a athrach ‘go gasta agus go **hiomlán**’ má tá an cine daonna le teacht slán ar an Téamh Dhomhanda. Níl moill ar bith orainn an rabhadh sin a thuigbheáil ach ní léir go spreagann sé chun gnímh muid.

Ní **hé** nach dtuigeann muid uilig an truailliú a bhaineann leis an aerthaisteal, fiú le **haistear** gairid chun na Breataine nó go **Oileán** Mhanann, fiú amháin. Ná bí ag déanamh gur ag fáil locht ar dhaoine eile atá mé, mise a bhí thar lear trí **huaire** ó thús na bliana. Bíonn achan leithscéal bacach agam ach oiread le duine ar bith, leithéidí, ‘Ach bhí an t-eitleán sin le **himeacht** cibé ar bith, bíodh mise ar bord nó ná bíodh.’ Bíonn polaiteoirí ag cur tharstu faoi cé chomh tábhachtach is atá tionscal na turasóireachta agus cé chomh **hachrannach** is a bheadh sé cánacha carbóin a thabhairt isteach. Cá bhfuil an polaiteoir nach dtabharfadh tús áite don gheilleagar thar chaomhnú an phláinéid?

An riail

Bíonn réamhlitir *h* ann sna cúinsí seo (tá seacht sampla tugtha anseo):

- 1 I ndiaidh an ailt uatha i gcás ainmfhocail bhaininscneacha sa tuiseal ghinideach: *náisiúin na hEorpa*.
- 2 I ndiaidh an ailt iolra i gcás ainmfhocail iolra a thosaíonn le guta: *na hÉireannaigh*, *na heolaithe*.

- 3 I ndiaidh an réamhfhocail ‘le’: *le haerthaisteal, le haistear, le himeacht.*
- 4 I ndiaidh ‘go’: *go hiomlán, go hOileán Mhanann.*
- 5 Leis na forainmneacha mar ‘é’, ‘í’, ‘iad’ agus ‘ea’ i ndiaidh ‘ní’: *ní hé.*
- 6 Leis an fhocal ‘uair’ i ndiaidh orduimhreach: *trí huaire.*
- 7 I ndiaidh ‘chomh’: *chomh hachrannach.*

6 Lúth na teanga: na défhoghair

Is iad seo na focail atá le cluinstitín ar *Aonad 7 Comhad Fuaime 1.*

A. Síneadh fada	B. Défhoghar
	tua
cúl	
dubh	
	tuar
síor	
díon	
	fiar
cíor	

8 Muintir na n-oileán

- 1 ‘Tá an tsáile san fhuil iontu,’ a deir Briain. Is é sin, uisce na farraige.
- 2 ‘Ag pilleadh ar mo dhúchas’ an leagan a d’úsáid Brian.
- 3 ‘I mo shaol is i mo bheatha’ a dúirt Brian. Níl difear céille eatarthu ach go bhfuil ‘saol’ níos coitianta sa ghnáthchaint.
- 4 Is é an rud atá suntasach faoi fhuaimniú ‘cúrsaí creidimh’ ná go bhfuil ‘í’ le cluinstitín in áit fuaim ‘iv’ sa tsiolla dheireanach. Is minic a dhéantar sin i gcás focail a chríochnaíonn le ‘(a)imh’.
- 5 Tá níos mó ná bealach amháin ann le ‘dúchas’ a aistriú. Tá *nature* fóirsteanach do chomhthéacs na habairte.
- 6 Is é an Ghaeilge atá ag Pádraig ar *to repair/fix* ná ‘a chóiriú’. Ní bheadh locht ar bith ar ‘rud a dheisiú’ nó ‘bail a chur ar rud’ ach oiread.

10 Cúinne na héigse: saol na n-ealaíon sa Ghaeltacht

- 1 timpeall na Samhna = aimsir na Samhna (Thiocfadh 'i dtrátha na Samhna' a rá fosta.)
- 2 ag déanamh nasc na nGael níos láidre = ag daingniú nasc na nGael
- 3 scaifte beag daoine = baicle beag daoine
- 4 chuir sé comhairle orainn = thug sé treoir dúinn
- 5 bhí mé neirbhíseach an oíche sin = bhí féileacáin i mo ghoile an oíche sin
- 6 turas thart timpeall = camchuart
- 7 bunaithe le fiche bliain = fiche bliain ar an fhód
- 8 guth domhain, íseal = dord

Scripteanna

1 Cluas le héisteacht: an Ghaeltacht inniu is inné

Máire Uí Cheallaigh

Baineann ceantar na gCruacha anois, mar a déarfá, bheadh an pointe is faide de na Cruacha trátha dhá mhíle dhéag uaimse. Ach ceantar mór scartha atá in, na Cruacha. Ceantar nach raibh mórán ariamh áiseanna acu, leis an fhírinne a rá. Ní raibh oiread agus siopa ariamh ar na Cruacha. Ní raibh oifig poist ann. Ní raibh teach tábhairne ann. Agus an t-aon chaitheamh aimsire a bhí i gcónaí acu, ceol agus ag damhsa agus ag portaíocht agus ag seinm agus mar sin de. Agus bhí, ceantar mór ceoil a bhí ann.

Agus rinne mise, rinne mé taighde ar cheantar na gCruach mar pháirt de bhunchéim a rinne mé. Agus thug mé cuairt ar achan teach ansin, agus ghlac mé pictiúirí de na daoine uilig a bhí ann. Agus tá lúcháir orm anois go ndearna mé é. Mar, ag dul ar ais go dtí an daonáireamh sa bhliain naoi gcéad déag is a haon, bhí dhá chéad duine ar na Cruacha. Agus sa bhliain naoi déag ochtó is a cúig, bhí scór agus triúr fágtha. Agus nuair a rinne mise an chéim an t-am sin, bhí i dtrátha seacht gcloigne ann. Ach anois – b'fhéidir 'seacht nduine'¹ sa Chaihdheán! Ach anois, níl fágtha sna Cruacha ach bean amháin, léi féin.

Agus is mór an truaighe,² nó, mar a dúirt Seán Ó hEochaidh, bhí ceantar na gCruach, ceantar amháin a bhí ann gur Gaeilge...an t-aon cheantar fíor-Ghaeltachta a bhí i nDún na nGall. Agus is rud mór sin le rá.

Agus ní raibh Gaeilge ag duine ar bith.³ Agus ní raibh fiú scoil acu go dtí an bhliain naoi déag is a seacht. Agus is é an dóigh a bhfuair siad an scoil, foscladh⁴ teach pobail in Éadan Anfa, b'fhéidir gur mhoithigh tú iomrá air. Foscladh an teach pobail sin sa bhliain naoi gcéad déag is a sé. Agus an lá a foscladh teach an phobail, is é an Cairdinéal Pádraig Ó Dónaill a bhí ann ag an am. Agus, ag am sin, fuair fear as na Cruacha a fhad leis an Easpag agus dúirt sé go raibh bunadh na gCruach uilig ina gcónaí go bocht agus go gcaithfeadh deireadh acu an baile a fhágáil. Agus gur cheart scoil a bheith ann sa dóigh is go mbeadh siad ábalta Béarla a fhoghlaim.

Ach bhí muintir na gCruach fágtha ar an trá fholamh i rith a saoil. Agus rinne rialtas i ndiaidh rialtais neamhshuim dóbhtha. Agus bhí cuid acu fiú nach raibh córas aibhléise acu. Bhí siad ag plé le lampaí ola. Agus bhí cairde móra agam féin ar na Cruacha fosta, mar fuair cara liom, Máire Nic an Luain, bás sa bhliain naoi déag sé déag,⁵ sin dhá bhliain ó shin... trí bliana, chóir a bheith, dhá bhliain thart i mí Lúnasa. Agus ní raibh an bhean sin, nuair a bhí sí ina cónaí ar na Cruacha, ní raibh aici ach guthán póca. Agus bhí sí sna hochtóidí ag an am agus chaithfeadh sí siúl amach siar sconsa fada le bheith ábalta fáil a fhad le duine inteacht. Agus ní raibh sí ábalta dadaidh a bheith aici. Tá a fhios agat, na gléasanna a bhíonn acu ar a lámha dá dtiocfadh dadaidh orthu. Ní thiocfadh leo rud ar bith mar sin a bheith acu. Bhí siad fágtha ina n-aonar. Agus ní raibh duine ar bith le tarrtháil a thabhairt orthu.

Agus b'éigean don bhean sin, nuair a d'éirigh sí tinn, na Cruacha a fhágáil agus teach comhairle contae a fháil i mBaile na Finne – áit nach raibh sí sásta – fá choinne an chuid eile dá saol. Ach as siocair nach raibh na háiseanna ar na áiseanna ar bith acu, b'éigean dóbhtha fáil amach as an cheantar.

Agus an bhean sin atá fágtha ansin anois léi féin, ní bheadh sí óg, mar a déarfá. Níl a fhios agam cén aois a bheadh sí. Bheadh sí suas go maith i mblianta. Agus tá sí istigh i measc na gcnoc, léi féin.

Sin anois an rud a tharlaigh do cheantar na gCruach. Agus bhí Gaeilge ann nach raibh áit ar bith. Bhí Gaeilge speisialta ar na Cruacha, agus tá an ceantar imithe. Nuair a imeos an bhean sin anois, níl cónaí ar bith ann níos mó. Tá sé fágtha anois, níl dadaidh ann ach ainmhithe. Tá cuid mhór talamh cnoic ann agus cuid mhór sléibhte ann. Agus tá daoine ón taobh amuigh ag teacht isteach agus ag cur stoc ar an talamh. Agus sin anois atá fágtha den cheantar. Is bocht an scéal é.

- 1** ...*seacht nduine*... Ní raibh ábhar ar bith ag Máire í féin a cheartú. Tá 'seacht gcloigne' ceart, caighdeánach. Le fírinne, tá blas aisteach ar 'seacht nduine.' Is 'seachtar' a bheadh ann, sa Chaighdeán nó sa chanúint.
- 2** ... *is mór an truaighe*... Leagan Ultach de 'trua'.
- 3** *Agus ní raibh Gaeilge ag duine ar bith.* Bhain sciarradh focail do Mháire ansin. Is é rud nach raibh Béarla ag bunadh na gCruach.
- 4** ...*foscladh*... I nGaeilge Uladh, is minic a bhíonn 'f' i dtús focail a thosaíonn le guta de réir an Chaighdeáin Oifigiúil, mar shampla 'áras' > 'fárás' agus 'oscail' > 'foscail'. Is iomaí briathar ilsíollach de chuid an dara réimniú a ghiorraítear i nGaeilge Uladh, mar atá déanta ag Máire i gcás 'osclaíodh'.
- 5** ...*sa bhliain naoi déag sé déag*... Sciarradh focail eile. Dhá mhíle a sé déag ba mhian le Máire a rá.

3 Mise agus an nuathearmaíocht

Seán Ó Daimhín

Well, maidir le téarmaí nua sa Ghaeilge anois agus, b'fhéidir, iad a bheith mínádúrtha nó ar chóir dúinn, b'fhéidir, fáilte a chur rompu, is duine mise, cuirim féin fáilte roimh na téarmaí nua seo. Agus, ar bhealach, b'fhéidir, baineann sin le mo stádas mar fhoghlaimeoir mé féin, agus duine a d'fhoghlaim an teanga ag fiche bliain d'aois. Mar, an dóigh a n-amharcaim féin air, gach focal atá agamsa, is téarma úr é. Is cuma más é an focal 'agus' nó an focal 'tá' suas go dtí an focal 'téarmaíocht' í féin. Achan fhocal atá agamsa is focal úr... So, chuir mise fáilte roimh na focla beaga sin ar fad. So, níl aon leisce ormsa ná aon doicheall roimh na téarmaí úra agamsa.

So, sin, is dócha, mo léamh féin air sin. Tuigim san am chéanna cén fáth a mbeadh, b'fhéidir, roinnt cainteoirí dúchais doicheallach roimh na téarmaí úra seo. Ar bhealach, má tá rud éigin agatsa, ón lá a rugadh thú, tá sé mínádúrtha anois, b'fhéidir, rudaí úra a chur sa mhullach air sin.

Agus fiú, mar shampla... agus thig liomsa tarraingt ar mo thaithí féin sa Bhéarla, mar shampla. Tá Béarla ar leith againne sa bhaile agus, b'fhéidir, 'Ultais' a thabharfadh roinnt daoine air. Agus tá sí go han-láidir ag mo mháthair. Agus b'fhéidir nach gcuirfeadh muid fáilte roimh aon duine eile ag iarraidh triail a bhaint as sin. Nó, b'fhéidir, aon duine eile ag iarraidh focla úra a tharraingt isteach agus a chur isteach ansin. Tuigim, b'fhéidir, nach teanga sin, ach, ar bhealach, tuigim na mothúcháin a bhaineann le haon athrú air sin.

So, glacaim leis go bhfuil sé mínádúrtha ag roinnt daoine, ach san am chéanna, sílimse go bhfuil sé fóirthábhachtach má tá an Ghaeilge le fás agus forbairt. Mar mura... agus, is dóiche, ag am éigin, ag am éigin, fiú na focla, na seanfhocla atá ag daoine anois – ag am éigin i stair na hÉireann, b'fhocal úr é ag am éigin. Níl ann ach ceist, cén dáta ar tháinig sé isteach. Thug muid cuid mhór, thug an Ghaeilge cuid mhór focla isteach ón Laidin. Agus tá mé cinnte ansin, nuair a tháinig an focal 'eaglais' isteach gur focal úr a bhí ann an t-am sin.

So, níl ann ach go bhfuil an dáta athraithe agus is maith an rud, sílimse, go bhfuil an próiseas sin ag dul ar aghaidh – ag gadaíocht agus ag goid agus ag cruthú focla úra – sa lá atá inniu ann.

In amanna, b'fhéidir nach mbeinn róthugtha, róthógtha faoi chuid de na téarmaí atá ag teacht isteach. Ní maith liom, mar shampla, an rud a bhí ar an *tweeting* seo agus, cineál t, v – 'tvúiteáil'. Ní féidir liomsa, ar ór nó ar airgead, ní thiocfadh liom sin a rá. Ach taitníonn 'giolcaireacht' liom. Agus ní miste liom, fosta, go bhfuil cineál lúbadh agus athrú nó leasú á dhéanamh ar fhocla atá sa Ghaeilge cheana féin. B'fhéidir nach raibh aon bhaint ag an fhocal – agus is cinnte nach raibh – ag an fhocal 'giolc' le *tweet* i gcomhthéacs na meán sóisialta, ach ní fheicim aon chúis nach féidir sin a athrú agus an chiall bhreise sin a chur leis an fhocal anois.

So, is maith liom é nuair...má tá focal ann cheana féin gur féidir linn sin a fhorbairt agus níos mó ciall a chur leis. So, is maith liom féin an próiseas seo ar fad. So, níl, agus...chomh maith leis sin, tá muid ag plé le rudaí anois nach raibh ann nuair a bhí na Gaeil i réim in Éirinn an t-am sin – an t-idirlíon, an ríomhaire agus an guthán cliste agus rudaí den chineál sin. So, tá focla de dhíth orainn do na rudaí seo.

Dá mba rud é gur focla Béarla ar fad a d'úsáidfeadh muid sa chás sin, ní bheadh an Ghaeilge i bhfad ag fáil bháis, i mo bharúil. Bheadh sí báite i bhfocla Béarla ansin. So, tá mise go mór i bhfách le focla úra, cé gur fearr liom, más féidir linn, focal atá sa teanga cheana féin, ciall nó b'fhéidir athrú éigin a dhéanamh ar an fhocal sin, seachas, b'fhéidir, leanúint leis an fhuaim i mBéarla atá ann.

4 An Lia Gramadaí: an darna bliain nó an darna bhliain?

Aodh Ó Gallchóir

An darna bliain nó an darna bhliain? Cén ceann atá ceart? Ar dtús, tá cineálacha éagsúla uimhreacha againn sa Ghaeilge. Ar scoil, foghlaimíonn muid uilig na rialacha a bhaineann leis na bunuimhreacha, is é sin nuair a bhíonn rudaí á gcuntas againn.

Tógfaidh muid an focal 'cathaoir', mar shampla:

cathaoir amháin
dhá chathaoir
trí chathaoir
ceithre chathaoir
cúig chathaoir
sé chathaoir
seacht gcathaoir
ocht gcathaoir
naoi gcathaoir
deich gcathaoir

Tá sé tábhachtach idirdhealú a dhéanamh anseo idir *bunuimhreacha*, is é sin rudaí a insíonn dúinn cá mhéad den ainmfhocal atá againn. Déarfaidh muid 'dhá bhróg' nó 'trí lá'. Agus *orduimhreacha*, rud a insíonn dúinn cén t-ord ina bhfuil na hainmfhocail sin: 'an darna bróg' nó 'an tríú lá', cuir i gcás.

Is é 'an darna bliain' an leagan ceart. Ní leanann séimhiú ná urú na horduimhreacha de ghnáth. Déarfaidh muid, 'an cúigiú teach', 'an darna poll' agus mar sin de. Anois, toisíonn na samplaí sin uilig le consan, ach cuir i gcás go bhfuil guta i dtús an fhocail. 'An darna huair' nó 'an darna hainm' a deirtear, cuir i gcás.

Ní séimhiú ach *réamhlitir h* atá i gceist sna samplaí sin i ndáiríre. Agus bíonn sin againn sna horduimhreacha uilig. Déarfaidh muid, an tríú hóráid', 'an cúigiú hurlár' agus mar sin de.

Níl ach orduimhir amháin a chuireann séimhiú ar ainmfhocal dar tús consain, is é sin 'an chéad': 'an chéad pholl', 'an chéad chloch', 'an chéad bhróg'.

Bígí faichilleach, mar sin, go dtuigfidh sibh cé acu bunuimhir nó orduimhir atá agaibh.

6 Lúth na teanga: na défhoghair

Siuán Ní Mhaonaigh agus Antain Mac Lochlainn

Siuán: Téarma a úsáidtear go minic i gcúrsaí foghraíochta ná ‘défhoghair’. An bhféadfá sin a mhíniú dúinn, le do thoil?

Antain: *Well*, is ionann ‘foghar’ agus ‘fuaim’. Focal eile ar an rud chéanna. Agus is uaidh sin a fhaigheann muid an focal ‘foghraíocht’, mar shampla. Agus is é an rud atá sa défhoghar ná dhá fhuaim. Dhá fhuaim le chéile. Agus sampla iontach maith ná ‘ua’ i bhfocla mar ‘suas’ agus ‘bruach’ agus ‘thuas’ agus ‘fuaim’, is dóiche. Agus tugtar ‘défhoghar’ air mar bíonn an dá fhuaim le cluinstitín go soiléir. Tá an ‘u’ le cluinstitín agus tá an ‘a’ le cluinstitín. Agus sin, is mar gheall air sin a thugtar ‘défhoghar’ air.

Siuán: Agus an mbíonn deacrachtaí ag foghlaimeoirí leis na fuaimeanna sin?

Antain: *Yeah...* is rud iontach atá ann, ar bhealach, mar níl sé deacair a ráit. Níl an fhuaim féin deacair ar bhealach ar bith. Níl le déanamh agat ach ‘a’ agus ‘u’ a ráit i ndiaidh a chéile agus tá leat. Ach is dóiche go mbíonn fuaimeanna Béarla ag cur isteach ar dhaoine. Bíonn na fuaimeanna sin ar intinn acu agus iad ag caint i nGaeilge. Cuir i gcás an ‘o’ dúbailte sin a bíos i bhfocla Béarla mar *good* agus *wood* agus *food*. Bíonn sin ag cur isteach ar dhaoine agus is mar gheall air sin a deir siad rudaí cosúil le ‘Tá mé *hoose* staighre’ agus ‘tá sé ag dul *soos*’ agus ‘tá an *nookt* ag toiseacht’ agus mar sin de.

Agus b’fhéidir go mbíonn fuaimeanna Gaeilge ag cur isteach orthu fosta. Tá ‘ú’ sa Ghaeilge, ar ndóigh – ‘sú’ agus ‘cú’ agus focla mar sin. Agus bíonn daoine rud beag fríd a chéile mar gheall air sin agus ‘ua’. Bíonn siad fríd a chéile acu.

Siuán: Ach nach cuma, ar bhealach, má thuigtear thú? Fiú mura mbíonn tú iomlán beacht agus cruinn?

Antain: Déarfá sin ceart go leor ach, go minic, bíonn ciall ag brath air seo. Luaigh mé ansin ‘ua’ agus ‘ú’ ach, go minic, bíonn an chiall ag brath ar na rudaí seo. Tá an Túr Eiffel ann, i bPáras. ‘Túr’ – ‘ú’ ansin. Agus ansin bíonn tuar na haimsire ann, nó réamhaisnéis na haimsire. ‘Túr’ agus ‘tuar’ agus tá difear céille idir an dá rud agus caithfidh tú sin a thabhairt slán.

Agus tá sé mar a chéile i gcás défhoghar eile – ‘ia’. ‘I’ agus ‘a’ le chéile. ‘Dian’ agus ‘siar’ agus focla mar sin. Má dhéanann tú ‘í’ de sin, ní déarfadh tú ‘dian’. Is é an rud a déarfadh tú ná ‘díon’, mar atá os ár gcionn. Agus is focal eile ar fad é sin. Mar sin de, tá sé tábhachtach na rudaí seo a thabhairt leat mar is ceart. Ní cineál ‘snobaireacht chainte’ atá ann, mar sin. Bíonn ciall ag brath air.

8 Muintir na n-oileán

Brian Ó Fearraigh

Well, creidim, duine ar bith a bhfuil ceangal acu le hoileán – tá an seanfhocal ann a chuala muid uilig go léir, ‘Tá an tsáile sna fhuil iontu’. Agus creidim go bhfuil fírinne ansin nó duine ar bith a bhfuil ceangal acu ar dhóigh ar bith le hoileán, go bhfuil, go bhfuil sin le feiceáil sa dearcadh atá acu, nó sa smaointeoireacht atá acu nó, go díreach, an dóigh a gcaitheann siad saol s’acu.

So, tá an ceangal sin agamsa le hInis Bó Finne. Agus is maith liom dul isteach chun an oileáin, go mion agus go minic. Go háirithe i rith séasúr an tsamhraidh anois. An rud atá ann, tá mé ag pilleadh ar mo dhúchas, ag pilleadh ar mo mhuintir féin. Agus, creidim, ó thaobh Inis Bó Finne de, nuair a smaointím – bhí an Ghaeilge go láidir ar an oileán ansin. Bhí cúrsaí creidimh go láidir ar an oileán ansin. Bhí teaghlach agus clann go láidir ar an oileán ansin agus – sin tréithe dúchasacha ag síneadh ar aghaidh mar oidhreacht chugamsa, agus na rudaí atá tábhachtach domhsa i mo shaol is i mo bheatha fosta.

Agus caomhnaím na rudaí sin de thairbhe gur caomhnadh¹ iad san am a chuaigh thart. Agus go dtáinig siad ó mo mhuintir agus shín siadsan ar aghaidh chugamsa iad mar, creidim, mar oidhreacht luachmhar. Agus tá sé suas agamsa anois na tréithe céanna sin a chur chun cinn, chomh maith is a thig liom i mo shaol is i mo bheatha.

- 1 ...*caomhnadh iad*... Is é a bheadh ann de réir an Chaighdeáin, ‘caomhnaíodh iad’. Is minic a ghiorraítear briathra ilsiollacha den dara réimniú ar an dóigh sin, mar shampla ‘ceangladh’ seachas ‘ceanglaíodh.’

Pádraig Ó Cearbhaill

Aodán: Deirtear go bhfuil dúchas dá gcuid féin ag muintir Thoraí. An ndéarfá go bhfuil sin fíor?

Pádraig: *Well*, tá... déarfainn go bhfuil. Caithfidh siad seasamh, seasamh iontu féin. B’fhéidir go mbrisfeadh páirt d’inneall síos, nó d’uirisí talaimh nó seisreach nó cibé a bhriseas,¹ caithfidh siad a bheith ábalta é a chóiriú. Agus sin an dóigh a bhfuil, sin an dóigh a bhfuil saol an oileáin.

Aodán: Bhí na ceirdeanna uilig acu, daofa féin, ar an oileán.

Pádraig: Bhí siad ábalta achan rud a dhéanamh. Bhí siad ábalta bádaí a thógáil. Bhí siad ábalta curaigh² a thógáil. Bhí siad ábalta uirlisí talaimh...bhí siad ábalta eangacha a dhéanamh. Bhí siad ábalta achan rud a dhéanamh. Creidim go gcaithfeadh siad é a dhéanamh. Sin an cineál saoil a bhí ann.

- 1 ...*cibé a bhriseas*... Is ionann sin agus ‘cibé a bhriseann’. Sampla atá ann d’fhoirm choibhneasta an bhriathair, atá iontach láidir i nGaeilge Uladh.

- 2 ...*curaigh*... Is é ‘curacha’ an fhoirm iolra chaighdeánach.

9 Cúinne na héigse: scéalta Thoraí

Aodán Ó agus Pádraig Ó Cearbhaill

Aodán: Tá leabhar anseo os ár gcoinne. Agus *Na Laetha a Bhí* an t-ainm atá ar an leabhar seo. Tú féin a scríobh é. Caidé a spreag thú an leabhar seo a scríobh?

Pádraig: *Well*, tá léar mór leabharthaí scríbhthe¹ ar Thoraigh, *but* char scríobh aon duine ariamh as Toraigh leabhar. Agus smaointigh mé go mbeadh sé maith dá mbeadh... An rud a scríobhann strainséirí,² níl acu ach an rud a inseochas daoine³ daofa. Agus, leath an ama, is é bréaga atáthar á n-inse⁴ daofa. So, smaointigh mé go scríobhfainn...

Ní raibh sé le bheith ina leabhar le díol ná a dhath mar sin. Rinne mé ceann don teaghlach. Fuair mé ochtar – bhí ochtar de theaghlach agam. Agus rinne mé ceann, leabhar d’achan duine. Agus nuair a tháinig daoine ar an leabhar, bhí... chuir siad suim inti agus ba mhaith leo ceann a bheith acu. Agus sin an tuige.⁵

Tá stair an oileáin, stair taobh amháin den oileán, atá ann. Stair an oileáin agus na carachtéirí a bhí ar an oileán agus dá réir sin.

Aodán: Do chuimhní féin?

Pádraig: Mo chuimhní féin.

Aodán: Is é. Ar chóir dúinn giota, sliocht beag a léamh aisti?⁶

Pádraig: *Well*, má tú ag iarraidh, thiocfadh leat.

Aodán (ag léamh): Is cuimhneach⁷ liom an chéad lá riamh a d’imigh mé go hAlbain. Chaoin John agus William le cumhaidh i mo dhiaidh. Bhí iomrá mór ar John as an damhsa sínte a dhéanfadh sé – Maggie Pickie,⁸ ina dhóigh féin.

Am eile, bhí William amuigh ar tír mór ag fáil lód mónadh. San am sin, bheadh ar mhuintir Thoraí a gcuid mónadh a thabhairt isteach ó Chnoc Fola. Ní raibh teach leanna ar bith ar an oileán san am agus, mar gheall air sin, go minic nuair a théadh daoine amach fá choinne mónadh, bheadh buidéal uisce beatha ar ais leo, chomh maith le *loaf* aráin mar nach raibh *loafannaí* ar bith le fáil ar an oileán ach an oiread.

An lá seo, bhí William i ndiaidh theacht ar ais as tír mór le lód mónadh agus a bhuidéal uisce beatha leis ina phóca. Nuair a bhí an mhóin uilig amuigh, thit an buidéal as a phóca agus rinneadh míle píosa de ar an ché. Ba seo tubaiste mhillteanach mar go raibh uisce beatha chomh gann agus a bhí sé agus é i ndiaidh é a thabhairt rith an bhealaigh isteach ón tír mór.

Fuair William dóigh air. Rinne sé dhá leath den *loaf* agus chuimil sé isteach san uisce beatha é a bhí doirte. Bhí grabhar mónadh agus gloine briste i measc an uisce beatha. D’ith sé an *loaf* uilig ar an ché sula ndeachaigh sé ’na bhaile. Bhí ar chúpla fear é a thógáil nuair a bhí an *loaf* ite aige agus é a iompar ’na bhaile.

Ní bheadh oileánach ar bith fágtha folamh. Gheobhadh siad dóigh amach as achán rud.

Nach ceart William John!

- 1 ...*scríbh*te... Leagan malartach de ‘scríofa’. Tá an leagan seo iontach coitianta i nGaeilge Thír Chonaill.
- 2 ...*strainséirí*... Tá an dá bhrí le ‘strainséir’ (1) duine nach mbeadh aithne agat air/uirthi nó (2) duine nach de bhunadh na háite é.
- 3 ...*an rud a inseo*chas daoine... Sampla eile d’fhoirm choibhneasta an bhriathair. Tabhair faoi deara fosta an siolla breise atá curtha leis an bhriathar ‘inis’.
- 4 ...*is é bréaga atá*thar á n-inse... Sa ghnáthchaint i nGaeltacht Thír Chonaill, is minic a úsáidtear ‘is é’ le treise a chur leis an eolas atá ag teacht ar ball. Ní chomhlíontar na gnáthrialacha a bhaineann le huimhir ná le hinscne an fhorainm.
- 5 *Agus sin an tuige*. Tá an bhrí chéanna le ‘tuige’ agus atá le focail mar ‘cúis’ nó ‘fáth’. Fuaimnítear é amhail is gur ‘tuí’ a bheadh ann.
- 6 ...*sliocht beag a léamh aisti*. Glacann ‘leabhar’ forainm baininscneach i nGaeilge Thír Chonaill. Ní amháin sin, ach is ainmfhocal baininscneach amach is amach atá ann: ‘leabhar bheag agus leabhar mhór’.
- 7 *Is cuimhneach liom*... Is ionann é seo agus ‘is cuimhin liom’. Ní fhuaimnítear an siolla deireanach, sa dóigh is go sílfeá gur ‘Ní cuimhne liom’ atá á rá.
- 8 *Maggie Pickie*... seandamhsa.

10 Cúinne na héigse: saol na n-ealaíon sa Ghaeltacht

Aodán Ó Cearbhaill

Antain: An dtéann tú go dtí an tOireachtas, a Aodáin, nuair a bíos an tOireachtas ar siúl aimsir na Samhna? Nó cad é mar a chuirfeá síos do dhuine, b’fhéidir nach mbeadh eolach ar an Oireachtas? Cad é an cineál ruda atá ann?

Aodán: ‘Sé.¹ freastalaím ar an Oireachtas achan bhliain más féidir liom. Tá turas fada idir Tír Chonaill agus Ciarraí ach is fiú é a dhéanamh. Le cur síos a dhéanamh ar an Oireachtas, déarfainn gur cruinniú atá ann de na Gaeil uilig in Éirinn agus ceiliúradh ar ár gcultúr, is é sin amhráin, scéalta agus damhsa agus a leithéid. Agus go bhfuil muid á cheiliúradh sin ach go bhfuil na comórtais ann chun an traidisiún sin a choinneáil beo chomh maith. Agus, ag deireadh an lae, go bhfuil muid ag fáil aithne ar dhaoine eile taobh amuigh den Ghaeltacht ’s againn féin, agus ag déanamh cairdis ansin agus ag daingniú nasc na nGael le chéile, má thuigeann tú mé.

Antain: Agus an nglacann tú páirt sna comórtaisí?

Aodán: Ghlac mé páirt roimhe seo, *yeah*, tá sé b’fhéidir trí nó ceithre bliana ó shin. D’fhoghlaim mé amhrán sean-nóis le ceol ag an chomórtas sean-nóis. Bhí clár raidió² ag Rónán Mac Aodha Bhuí ag an am agus chruinnigh sé isteach baicle beag daoine nár cheol ariamh ag an chomórtas aroimhe. Agus thug sé treoir dúinn, faoi stiúir, abair, Brian Danny Minnie³ agus Lillis Ó Laoire⁴ agus Doiminic Mac Giolla Bhríde⁵ agus

a leithéidí. Agus d’ullmhaigh muid agus cheol muid na hamhráin ag an Oireachtas. Agus, caithfidh mé a rá, bhain mé sult an-mhór as. Ach nuair a tháinig oíche an chomórtais, caithfidh mé a rá, go raibh na féileacáin i mo ghoile an oíche sin.

Antain: Tá tú páirteach i gcór, a Aodán. Inis dúinn faoi sin.

Aodán: ‘Sé. Luaigh mé ansin Doiminic Mac Giolla Bhríde, ceoltóir sean-nóis as an cheantar. Agus is é, eisean an stiúrthóir atá ar an chór. Thoisigh an cór sin ar dtús mar ‘Cór Thaobh an Leitheid’ agus cha raibh mise páirteach ann ag an am sin. Ach an rud a tharlaigh ó shin nó⁶ thoisigh Doiminic ag tabhairt grúpaí le chéile i mBéal Feirste agus i nDoire le hamhráin sean-nóis a theagasc daofa sin fosta. Agus dar leis féin gur maith an smaointiú a bheadh ann na grúpaí seo a tharraingt le chéile chun ‘ollchór’ de rud a dhéanamh, má thuigeann tú mé.

Agus is é ‘Glórthaí Uladh’⁷ a thug sé ar an chór seo. Agus rinne muid camchuart, den chuid is mó i gCúige Uladh, déarfainn, a rinne muid sin. Bhí muid ag ceol i mBéal Feirste agus i nDoire agus ag an Oíche Chultúrtha i mBaile Átha Cliath, is cuimhin liom go raibh muid ann. Nuair a bhí TG4 ag ceiliúradh fiche bliain ar an fhód, bhí muid páirteach fosta sa cheiliúradh sin, i nGaillimh.

Antain: Agus an bhfuil sé, an mbíonn sé, níos fusa a bheith ag canadh i gcuideachta mar sin ná a bheith ar stáitse leat féin, déarfainn?

Aodán: *Yeah*, tá, aontaím leat ansin. Tá sé deas, mar, den chuid is mó, is iad na mná na príomhcheoltóirí. Ach caithfidh cúpla duine⁸ a bheith ann le dord a cheol chomh maith. Agus bhí mé féin agus cúpla fear eile páirteach. So, nuair atá cúpla fear ansin ag cuidiú agus ag tabhairt taca dá chéile, tá sé i bhfad níos fusa.

- 1** Sé... Is annamh a deirtear ‘is ea’ ná an leagan giorraithe ‘sea’ i dTír Chonaill. Tá claonadh ann ‘is é’ (nó an leagan giorraithe ‘sé’) a úsáid i gcónaí, fiú amháin ag trácht ar rudaí éiginnte. Cluinfidh tú leaganacha éagsúla i gcaint na ndaoine. Ina measc, tá leagan atá cosúil leis an fhocal Béarla *shy*.
- 2** *raidió...* *Radio* a deir Aodán. Níl an téarma Gaeilge iontach coitianta sa ghnáthchaint, fiú agus daoine ag caint ar RTÉ Raidió na Gaeltachta.
- 3** *Brian Danny Minnie...* Brian Ó Domhnaill, amhránaí agus fliúiteadóir iomráiteach de bhunadh Anagaire. Tá dornán maith físeán ar YouTube a bhfuil Brian le cluinstit iontu.
- 4** *Lillis Ó Laoire...* Amhránaí, scríbhneoir agus léachtóir ollscoile as Gort a’ Choirce. Bhain sé príomhdhuais amhránaíochta an Oireachtais, Corn Uí Riada, sa bhliain 1991 agus arís in 1994. D’eisigh sé an dlúthdhiosca *Bláth Gach Géag Dá dTig* le Cló Iar-Chonnacht in 1992. Tá dornán maith físeán ar YouTube a bhfuil Lillis le cluinstit iontu.
- 5** *Doiminic Mac Giolla Bhríde...* Amhránaí agus cumadóir as Gaoth Dobhair. Tá Corn Uí Riada agus neart duaiseanna eile bainte aige. Ar na dlúthdhioscaí leis tá *Sona do Cheird* (2015), cnuasach inar chuir sé ceol le dornán dánta as an chnuasach *Dhá Chéad de Cheoltaibh Uladh* le hÉnri Ó Muirgheasa. Tá dornán maith físeán ar YouTube a bhfuil Doiminic le cluinstit iontu.

6 *Ach an rud a tharlaigh ó shin nó...* Bíonn ‘ná’ agus ‘nó’ tríd a chéile i nGaeilge Chúige Uladh. Tá claonadh láidir ann ‘nó’ a úsáid i gcomhthéacsanna a mbeifeá ag súil le ‘ná’ sa Ghaeilge chaighdeánach.

Tabhair faoi deara fosta gur ‘tharlaigh’ a deir Aodán in áit ‘tharla’.

7 *Glórthaí Uladh...* Tá físeáin de chuid Glórthaí Uladh le fáil ar YouTube.

8 *cúpla duine...* Bíodh is go bhfuil síneadh fada ar an litir u san fhocal ‘cúpla’, fuaimnítear gairid é, amhail is gur ‘cupla’ atá ann. Ní deirtear ‘cúpla’ amháin más *twins* atá i gceist.